

An tÚll Mór 5 (2020)

**Ag Tarraingt As is ag Cur Leis:
Saibhriú an traidisiúin Amhrán Nuachumtha Comhaimseartha**

Micheál Ó Conghaile

[Tá an páipéar seo bunaithe ar léacht a tugadh an 22 Feabhra 2020, i gColáiste Lehman, mar chuid den siompóisiam "Ceol, Amhránaíocht, Sean-Nós agus Ceiliúradh ar Shaothar Mháirtín Uí Chadhain" a d'eagraigh an Clár Gaeilge de chuid Roinn na dTeangacha agus Litríochtaí. Fuarthas an leagan scríofa seo, an leagan nuashonraithe, ar an 11 Iúil 2024.]

In imeacht na mblianta is iomaí cnuasach amhrán de na hamhráin nuachumtha (den chuid is mó) a chuir mé in eagar. Ina measc siúd tá trí cinn ar cuireadh an-spéis iontu, *Croch Suas É!* (1986), *Up Seanamhach* (1990) agus an leabhar a mbeidh mé ag trácht air san alt seo, *Leabhar Nua na nAmhrán* (2017).

Is do chomórtais, go háirithe do chomórtais de chuid an Oireachtais, a cumadh formhór na n-amhrán atá sa mbailiúchán áirithe seo. Is comórtas tábhachtach do chumadóirí é Comórtas Cuimhneacháin Sheáin Eoin Uí Shúilleabháin a bhíonn á reachtáil ag an Oireachtas go bliantúil. Comórtas d'amhráin nuachumtha le fonn traidisiúnta é, agus é mar aidhm ag an gcomórtas amhránaíocht agus cumadóireacht den chineál seo a chothú trí amhráin nua a chur ar fáil go rialta. Tá ag éirí leis ón taobh sin óir cumtar suas le scór amhrán nua don chomórtas gach bliain. Bíonn go leor acu tráthúil, comhaimseartha, greannmhar, glic scaití agus iad go minic mar scáthán ar an saol nó ar eachtraí comhaimseartha.

Tá meascán breá téamaí agus ábhair le fáil sna hamhráin seo. Tá seantéama an bháis ann agus seantéama eile; an grá nó an grá éagmaise. Táthar ag cumadh amhrán faoin ngrá leis na mílte bliain agus má bhíonn an Ghaeilge beo faoi cheann míle bliain eile, bí cinnte go mbeidh adhmaid á bhaint as mar ábhar. Tá agus beidh an ceart sin ag gach glúin ach gur fearrde as muid ach caighdeán a bheith sa gcumadóireacht, rud nua a bheith le rá nó casadh úr eile a bheith bainte as an seanscéal.

Cé go bhfuil gnéithe den seansaol léirithe in 'Amhrán an Bhaitisiléir' le Máirín Uí Dhomhnaill – amhrán a cuirfeadh 'Cailleadh na Scríbe' i gcuimhne duit – tá sé fréamhaithe go láidir sa saol comhaimseartha leis na tagairtí don idirlinn agus do na modhanna comhaimseartha cumarsáide atá ann le pairtí a aimsiú nó a roghnú sa lá atá inniu ann.

Dúirt fear liom as Gaillimh gurb é an *internet* an bealach

Logáil isteach ar *www.ie*

Nuair a bhrúfas tú an cnaipe tiocfaidh *crowd* acu amach air

Pioc an ceann is maith leat is sin é an mbeidh faoi.

Dúirt Joe liom a bheith aireach mar go bhfuair sé bean cheana air

Blondín bheag dheas is í árd agus caol

Ach nuair a *mheetáil* sé Tí Jeaic í ní raibh inti ach cailleadh

A bhí *around the block* cheana dhá uair nó trí.

Agus cá bhfios nár chaill fear an amhráin an bloc nuair a chonaic sé í! Má tá ceacht le foghlaim ón amhrán seo, seo é é i dtuairim an chumadóir; ‘mura bhfuil grá i ndán duit, ní oibreoidh sé amach. Ní dhéanfaidh sé tada ach achrann a tharraingt sa deireadh’. A mhalaire de scéal atá léirithe in amhrán Mháirtín Mhic Dhonnchadha, ‘Thit an Bheirt Againn i nGrá’. An grá buan, an grá seasmhach, an grá a sheasann an fód, an grá a athchruthaíonn é féin arís is arís eile in imeacht na mblianta atá anseo againn. Amhrán a chruthaíonn, ó thaobh na scríbhneoireachta di, an chaoi ar féidir leis an tsimplíocht focal a bheith thar a bheith cumhachtach. Tá na buanna céanna in amhráin ghrá ghonta Fheargail Uí Bhéarra. Is tá slám amhráin ghrá anseo freisin leis an saighdiúr Meiriceánach, Séamus Ó Fianghusa, a d’fhoghlaim a chuid Gaeilge i dTír Chonaill.

Spraoi agus greann atá mar chúlra d’amhrán Sheosaimh Mhic Dhonnachá, ‘Máirín Mháirtín Teaimín Sheáinín Sheáin’. Tá go leor de thréithe an traidisiúin cumadóireachta go rábach ann – an gliceas, an t-imeartas focal, an áibhéil. Ní haon iontas é go bhfuair sé duais Oireachtais sa mbliain 2012.

Caitheann cnuasach amhrán ó aon ghlúin léargas ar shaol sóisialta a linne agus ní theipeann ar an gcnuasach seo sin a dhéanamh. Ní nach ionadh, tá crúba an Tíogair Cheiltigh stampáilte go láidir ar leathanaigh go leor anseo agus a lorg fágtha go buan:

Is nuair a tháinig an Tíogar Ceilteach,
D’fhág muid slán ag Pangur Bán!’

a deir Traolach Ó Conghaile ina amhrán ‘Tá an Tír seo Trína Chéile’ agus is ráiteas láidir cumasach gonta an dá líne ghearra sin.

Is é an port céanna atá le fáil in amhrán Mháirín Uí Dhomhnaill, ‘An Trá Fholamh’. Is leor cúpla focal as an amhrán a lua go fánach anseo agus dúiseofar macallaí go leor: ‘*septic tankeanna*’, seilimidí agus froganna, trolly is *casualty*, feamainn agus móin. Agus mar bhuille marfach pianmhar:

Tá an saol go breá ag na gadaíochaí
A d’fhág muid sa bpraiseach seo

Tá amhrán Mháirín, ‘An *Septic Tank*’ bunaithe ar agóidíocht mhuintir Chonamara ag Halla na Cathrach i nGaillimh faoi na dabhcha séarachais. ‘Bhí mé féin i measc na ndaoine a bhí ag agóidíocht agus chonaic mé gach ar tharla thíos ann,’ a deir sí.

Ré an Tíogair atá á nochtadh freisin ag Fiontán Ó Meachair ina amhrán ‘An Seacht-Suítear’, ach sa gcás seo gurb é an t-aighneas a chothaigh sé idir lánúnacha a fheiceann muid:

Éistigh liom neomad go neosfad mo scéal
Ar airís fén athrú ’tá teacht ar an saol
Tá airgead scaoilte is é titim i dtuillte
’S caithfead seach-suítear a cheannach dom bhean

Seacht-suítear, seacht-suítear, a dúirt sí go hard
Seacht suítear ’tá uaimse, faigh réidh leis an gcarr
Níl bean eile ’san dúthaigh le sean-mhótar fuithi
Ag bailiú laids óga i mbút den ghluaisteán

A ghrá-gheal a dúrtsa, bíodh ciall i do cheann
Laghdóidh an meaisín sin an dlús d'ár sparán
Bain díot an pus sin 's ná bac leis an mbus sin
'S ceannóimid árasán thall insan Spáinn

Chuirfeadh an t-amhrán, 'Amhrán an Tae', le Colm de Bhailís i gcuimhne do dhuine óir tá sé cumtha i bhfoirm agallaimh ina bhfuil an lánúin ag argóint. Ach is mór idir cnáimh spairne lánúin de Bhailís timpeall céad caoga bliain ó shin – tae agus tobac – agus cnáimh spairne Ré an Tíogair.

Déantús de chuid Mhichíl Uí Dhomhnaill é, 'Athrúchaí an tSaoil', amhrán a thugann le fios go bhfuil, 'na bancanna ag faire orainn, agus gan aon phingin i dtaisce againn'. B'iad na scéalta a d'inis a sheanathair dó a spreag an t-amhrán, a deir sé:

Is iad na scéalta a chuala mé ó mo sheanathair ó bhí mé an-óg a spreag mé le haghaidh an amhráin seo a chumadh. Bhíodh sé i gcónaí ag caint ar an gcaoi a raibh an saol acu fadó is é ag éirí aníos. Bhíodh sé i gcónaí ag rá go dtiocfadh an saol sin ar ais arís agus go mbeadh an t-airgead gann. Bhíodh daoine ag gáire faoi scaití ach nach bhfeiceann tú féin go raibh go leor den cheart aige agus go bhfuil an t-airgead gann arís.

Is iomaí earra nua sa saol anois nach raibh ag na glúnta a chuaigh romhainn agus déantar trácht nó ceiliúradh orthu in amhráin sa gcnuasach seo. Is píosa greannmhar cumasach cumadóireachta é 'Amhrán an Viagra' le Ray Mac Mánaís a fuair duais an Oireachtais sa mbliain 2001. Bhí an méid seo le rá ag an bhfile féin faoin amhrán:

Is é seo an t-amhrán de mo chuid is minice a chanaim ag ócáidí mar go mbíonn go leor daoine á iarraidh. Is minic a chan mé an t-amhrán seo agus mo bhean chéile i láthair, agus ní fhaca muid dochar ar bith ann. Píosa spraoi amach is amach, dar linn, go dtí tráthnóna amháin nuair a bhí m'íníon Aoife sa chomhluadar. Bhí sí náirithe.

Amhrán breá sa stíl traidisiúnta, faoi ábhar atá ag fáil níos traidisiúnta go laethúil é 'An Snaoisín Bán', le hAodh Ó Domhnaill. Mar a dúirt sé féin: 'Ní beag an líon amhrán óil atá ar fáil sa Ghaeilge. Mheas an t-údar seo go raibh sé thar am nós níos faiseanta fós a phréamhú sa traidisiún, sé sin nós an chócaoin . . .' Is cumasach mar a éiríonn leis go leor tagairtí staire agus tagairtí den saol idirnáisiúnta a shní isteach san amhrán, amhrán a chantar le fonn atá thar a bheith tráthúil, 'Preab san Ól'.

Amhráin eile a fhreagraíonn d'athraithe sóisialta iad, 'Faoistin.com', 'An ifón' agus 'An Mótár nó Amhrán an NCT' le Ray Mac Mánaís. Is tá cur síos breá cruinn ar shaol déagóir comhaimseartha, de chineál airithe ag tús na mílaoise seo le fáil in 'New South Wales', le hAodh Ó Domhnaill, amhrán a mbeadh go leor tuismitheoirí le déagóirí in ann ionannú leis. Tá an t-amhrán cumtha le fonn 'Na Connerys'. Bhí ar Na Connerys imeacht dá mbuíochas ach is go fonnmhar agus ar bís a bhíonn an t-imirceach óg seo ag imeacht:

A Mhaighdin bheannaithe, tá mo *visa* ceannaithe agus ticéad dá réir,
Beadsa sa *terminal* ag a seacht ar maidin, thuas san aer thar éis a naoi,
Ólfad na buidéilíní 'as seo go Sid-i-ní, roimh mórathrú ar mo
shaol,
Aon deor ní shilfead-sa de bharr m'eisimirce go dtí na New South Wales.

A chairde m'anama, 'chompánaigh cheangailte leis an gClub GAA,
Bígí ag taidhreamh fúm ar thrá mhuar Bon-di, mise 'gus peidhre *babes*,
Mo ghraidhn go dealbh sibh nach bhfuil aon oidhr' oraibh ach an chaint 's an
t-éad,
Is baol go bhfanfadsa fé ghathanna gréine ins na New South Wales.

Is breá ón nDéiseach, Aodán Ó Ceallaigh an t-amhrán seo a chasadh go croíúil agus
splancanna a bhaint as.

Ní iontas ar bith é go mbeadh go leor de na hamhráin atá cumtha ag an nglúin
seo bainteach le saol an lae inniu. Ach, agus mé ag cruinniú amhrán don chnuasach
seo tháinig mé ar amhrán amháin a d'fhág mé ag cur na ceiste – cén fáth nach raibh
an t-amhrán seo, nó a mhacasamhail cumtha sa nGaeilge cheana? 'Na Dreancaidí' le
hAntaine Ó Faracháin, atá i gceist agam. Píosa breá greannmhar faoi dhreancaidí. Ba
mhór i gceist i saol Chonamara fadó iad agus clanna móra ann, iad go minic ina
gcónaí i mullach a chéile sna tithe agus gan cúrsaí glaineachta thar mholadh beirte go
minic. Ainneoin sin, go bhfios dom, níor chum aon fhile aon amhrán fúthu go dtí tús
na haoise seo – aon amhrán atá i béal an phobail ar aon nós – cé go bhfuil neart
tagairtí ag Máirtín Ó Cadhain do na dreancaidí in *Cré na Cille*. Ní miste na dreancaidí
bheith imithe, má tá, ach is breá an rud é an t-amhrán seo a bheith dár n-oidhreacht
againn:

Ó mo mhallacht go deo ar na sneádha!
Mo sheacht mallacht déag ar na dreancaidí!
Na *bowdies* atá do mo chrá!
Tá mé ite go cnámh faoi na plaincéidí!

Tá amhráin dheasa sa leabhar seo freisin faoi eachtraí a tharla, nó mar a luaigh
cumadóir amhráin liom, 'a d'fhéadfadh tarlú'. Ina measc siúd tá 'Thíos ar Thrá Bhinn
Éadair', agus 'Cá bhfuil Aintí Neilí', le hAntaine Ó Faracháin, 'Haigh Jude' agus
'Milwaukee' le Seán Ó Gráinne, 'An Dráirín' le Fearghas Mac Lochlainn agus
amhrán eile le Fearghas a bhfuil cúlra cinnte staire aige, 'An Garda Mac Cóil'. Seo
mar a thugann Fearghas cúlra an amhráin:

Tharlaíodh sé scaití go mbíodh tithe ósta in Inis Oírr oscailte an-deireanach i
bhfad tar éis an ama oifigiúil dúnta. Ní raibh sé furasta ag garda a theacht
aniar aduaidh ar na hóstóirí mar d'aithní garda áitiúil ar an mbád nó ar an
eitleán. Ach tháinig an Garda Seán Mac Cóil a bhí lonnaithe in Árainn i ngan
fhios as Contae an Chláir ar bhád Dhúlainn, gléasta mar thurasóir agus
champáil sé ar an oileán nó gur thit dorchadas na hoíche...

Ní raibh a fhios ag muintir an oileáin nach duine eile de na scórtha turasóirí laethúla a
bhí sa ngarda nach raibh gléasta go hoifigiúil ach mar a bheadh fámaire ann. Ach
théis titim na hoíche:

D'athraigh sé a chóta, a léine is a dhrár
D'fháisc na cnaipí is an bheilt faoina lár
Chuir sé leabhar nótaí ina phóca agus peann
Tharraing sé anuas caipín speic ar a cheann.

“Reporting for duty!” a deir Garda Mac Cóil
Siar leis ‘Tigh Ned mar is ann a bhí an ceol
D’airigh sé gleáradh agus d’airigh sé gleo
Bhreathnaigh sé isteach is bhí slua ann ag ól!

“It’s way past the time!” a deir an Garda Mac Cóil
Bhuaile sé ar an doras – isteach leis go beo
Stopadh den chaint, stopadh den cheol.
“You’re all under arrest!” a deir an Garda Mac Cóil.

Ní nach íonadh fágadh piontaí agus gloineachaí go leor nach raibh folamh ar bord an oíche sin. Má fágadh tart ar dhaoine tá amhrán breá spraiúil fágtha againn de bharr an eachtra, amhrán a chasfar go bríomhar i gcomhludair ina mbeidh neart gloineachaí lána laethanta níos faide anonn. Is léirú breá é ar an gcaoi a n-éiríonn le filí amhráin a mhairfeas a fháisceadh as eachtraí áitiúla idir bheag agus mhór. Ní bhíonn uathu ach an t-údar. Ní nach íonadh tá go leor amhráin eile óil sa leabhar seo freisin agus riar acu ag moladh an óil as an sásamh a thugann. Péire a thaitin go mór liom péire a chum Ray Mac Mánuis, ‘Mo Sheanamhamó’, agus ‘Amárach Dár nDóigh’. Seo cúlra ‘Mo Sheanamhamó’ de réir an údair:

Bhí cara de mo chuid ag insint dom lá go raibh a mháthair anois ina sin-seanmháthair. D’inis sé dom fosta go raibh an bhean chéanna tugtha don ragairne, agus go raibh spéis ar leith aice i mBaileys. Ón chomhrá sin a tháinig an t-amhrán seo. Gura fada buan í mar sheanamhamó.

Agus seo mar a chuireann sé bail chríoch ar an amhrán:

Má thugann tú cuairt ar mo sheanamhamó
Bíodh paidrín leat agus buidéal dar ndó’
Is i ndiaidh an phaidrín ólfaidh tú gloine nó dhó
Is ólfaidh seanamhamó an chuid eile.
Nuair a bheas a rás rite is í fágtha gan bhrí
Beidh Naomh Peadar ag fanacht le fáilte ina chroí
Agus buidéal mór Baileys – an ceann *duty-free*
Le go n-ólfaidh siad beirt é sna flaithis.

Sí mo sheanamamó í, mó sheanamhamó
Is tá a paidrín chomh fada le rubaill trí bhó.
Is diabhal í san oíche agus aingeal sa ló
Agus fágfaimid siúd mar atá sé.

Taobh eile den scéal a fheiceann muid in ‘Amárach Dár nDóigh’, rún an duine, fearacht go leor, éirí as an ól, ach . . . ní go fóill beag:

Sé mo lúth atá leáite, mo chroí atá cráite
Tá mé briste is báite i mo chréatúr gan dóigh.
Ins an ól tá mé sáite, ach air seo tá mé meáite
Go n-éireoidh mé as ... ach amárach dar ndóigh.

Mar a bheifeá ag súil tá amhráin mholta áite agus daoine sa mbailiúchán seo. Ba chuid de dhualgas an fhile pobail riamh é ceiliúradh a dhéanamh ar a gceantar agus ar a gcuid laochra. I measc na n-amhrán dá leithéid atá anseo tá, ‘Amhrán Inis Oírr’, le Feargas Mac Lochlainn, ‘Amhrán Mhaigh Cuilinn’ le Pádraic Breathnach agus péire le Louis Mulcahy, ‘Corca Dhuibhne’ agus ‘In Iarthar Dhuibhneach’. I measc na ndaoine a bhfuil amhráin mholta cumtha fútha tá Ciarán Ó Gríofa, an dornálaí as Tír an Fhia, an comhairleoir contae, Tomás Ó Curraoin, an t-uachtarán, Micheál D. Ó Huiginn, an t-iar-chairdinéal Tomás Ó Fiaich agus muna bhfuil dul amú orm is é amhrán Sheáin Mhic Eochagáin faoi Chóilín Cliseam an chéad amhrán atá cumtha faoi amhránaí sean-nóis, seachas an t-amhrán a chum Sheáin Cheoinín faoi Sharah Ghriallais. Cúis iontais, cé go bhfuil dán breá faoi Joe Éinniú déanta ag Micheál Ó Cuaig.

Ní haon iontas é go mbeadh spéis ag roinnt de na cumadóirí amhráin a chumadh faoin teanga agus tá dornán amhrán faoin nGaeilge sa gcnuasach seo. Má tá amhrán cumtha ag Tadhg Mac Dhonnagáin, ‘Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir’, tá ‘Amhrán an Ghaeilgeora Bhig’, seóid d’amhrán anseo againn, cumtha ag Joe Ó Dónaill. Is minic cloiste againn go mbíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí i dtógáil clainne le Gaeilge nuair nach mbíonn Gaeilge ach ag tuismitheoirí amháin. Ach, fiú má tá Gaeilge bhreá bhlasta ag an mbeirt tuismitheoir, ní chruthaíonn é sin nach mbeidh deacrachtaí freisin ann. Seo mar a thugann Joe cúla an amhráin:

Is as Gaoth Dobhar mise agus is as Conamara do mo bhean céile, Sharon.
Nuair a bhí ár mac Cian dhá bhliain d'aois bhí meascán iontach spéisiúil den dá chanúint aige. Labhair sé le blas Ultach liomsa agus le blas Chonamara lena Mhám.

Agus fiú ag am béile, níl aon éalú:

Fiú an dinnéar sa bhaile ní bhíonn sé sin riamh simplí.
Bíonn *prátaí ar an tábla* más Daidí ‘tá réiteach bidh.
Má tá Mamaí sa chistin bíonn athrú de shórt dar fia.
Mar bíonn **fataí ar an mbord** nuair is ise ‘tá i mbun an tí.

Easpa tuisceana idir lucht labhartha canúintí éagsúla atá mar chúlra freisin ag amhrán Ray Mhic Mánuis, ‘Gaoluinn na Mumhan’:

Bhí Gaeilge bhreá againn sa bhaile, ní miste domh a rá:
‘Goidé fá dtaobh de a thaisce?’ agus ‘leoga’ is ‘Goidé mar atá?’
Ach chaill mé mo chanúint, mo dhúchas is fiú an traidisiún
I ndiaidh domh taisteal ó dheas agus blas a fháil de Ghaoluinn na Mumhan.

Mas d’aon ghnó é ó thaobh an chumadóra cuireann sé leis an ngreann gurb é ‘An Hide and Go Seek’ atá mar fhonn leis an amhrán! In amhrán Thraolach Uí Chonghaile, ‘Ar Thóir na Gaeilge’, tá an greann céanna le fáil ann is atá in *An Béal Bocht* le Myles na gCopaleen. Tá tagairtí iomadúla ann do laochra is do sheoda liteartha na Gaeilge agus tagairtí de thréithe na nGaeltachtaí nach bhfuil as marc nó, b’fhéidir, atá gar go maith den chnámh mar gheall ar a dhall is atá cuid d’óige na Gaeltachta ar shaibhreas a gcúlra:

Aréir ’s mé ag dul a chodladh dhom, nach mé a bhí in ísle brí,

Gan oiread is focal Gaeilge, á labhairt ar fud a' tí.
'Gus taibhríodh dhom gur thréig mé na gasúir is bean a' tí,
'Gus bhuaíl mé an bóthar láithreach ar thóir scoth na nGaeilgeoirí!

Ó bhí Peig Sayers ag béal na huaighe, lena leathchois ar an mbruach!
Bhí Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha ag fógairt ar an gcuach!
Bhí an Díreánach in Árinn, ag tógáil claíocha cloch ar chloch!
Is bhí an Píarsach is Bríd na nAmhrán ar an drabhlás i Rosmuc!

Ó ghlaigh mé ar an Údarás, lena gcomhairle siúd a fháil,
'Sé an chomhairle a chuir siad orm ná triall ar Dhún na nGall.
Ach nuair a chuir mé tuairisc Mháire nár thit mo chaisleáin óir,
'Sé an freagra a fuair mé uathu ná cén 'Máire' atá uait, a stór?

Ba i 2013, bliain na Gaeilge, mar a tugadh uirthi, a spreag Seán Ó Muineacháin, lena amhrán féin faoin nGaeilge a chumadh, 'Ár dTeanga Bhinn Bheo' leis an bhfonn bríomhar 'Ó Bhean an Tí', amhrán ab fhiú a mhúineadh go forleathan sna coláistí Gaeilge.

Bheadh drogall orm de ghnáth amhráin faoin teanga a chur isteach i gcnuasach amhrán den chineál seo muna mbeadh amhráin ann a mbeadh rud le rá acu agus úire ag baint leo agus creidim go bhfuil sin go láidir sna hamhráin hamhráin faoin nGaeilge atá sa gcnuasach seo.

Seóid d'amhrán eile a seoladh chugam don chnuasach seo is ea 'Tigh an Leanna' le Seán Ó Muimhneacháin. Amhrán macarónach nuachumtha, rud annamh agus rud a chuir ag smaoineamh mé. Tar éis a bhfuil d'amhráin dá gcumadh sa nGaeilge faoi láthair is fíorbheagán amhráin mhacarónacha a chumtar! Seans gur i nGaeltachtaí Chorcaí is láidre an traidisiún seo ach nárbh fhiú iarracht a dhéanamh filí a spreagadh le níos mó acu a chumadh agus a chur á gcasadh. Ba chuid láidir nádúrtha dúchasach den traidisiún a bhí iontu ar feadh blianta fada agus is beag amhránaí sean-nóis nach bhfuil ceann nó dhó acu ina stór, leithéidí, 'One Morning in June', 'The Hide and Go Seek', 'My Pups Came Home From Claedeach' agus araile. Nárbh fhiú den Oireachtas athbheochan a dhéanamh ar a leithéid trí chomórtas a eagrú. Sílim go bhfáilteodh na cumadóirí roimh a leithéid, gur deis agus dúshlán a bheadh ann dóibh agus cá bhfios nach gcumfaí riar amhráin chomhaimseartha a chuirfeadh slacht breise ar an traidisiún.

San amhrán seo le Seán Ó Muimhneacháin, atá greannmhar agus truamhéalach araon, deir sé féin an méid seo faoi: 'Amhrán macarónach, bunaithe ar eachtra nár tharla riamh, tá súil agam'. Ach, faraor, tharla a leithéid sa saol go minic agus is baolach go dtarlóidh arís agus arís eile. Seo dhá véarsa as an amhrán a chantar leis an bhfonn tráthúil, 'Seán's a Bhríste Leathair' ina bhfuil an stíl is an cumas cumadóireachta thar barr:

Come all ye friends and neighbours,
Is éistíg' liomsa sealad,
And hear my mournful tale,
Mar a tharla i dtigh an leanna.
'Twas on a June fair day
Nuair a bhí an ghrian ag taitneamh,
That I started on my way
Agus chuireas-sa chun bealaigh.

Agus seacht véarsa níos deireanaí, an mhaidin dár gcionn:

'Twas at the break of day,
Le breacadh an lae ar maidin,
My consciousness regained,
Do bhraitheas uaim mo *wallet*,
My watch and golden chain
A fuaireas óm sheanathair,
My socks and shoes she'd taken
Chomh maith lem bhríste leathair.

Tá cumadóireacht Chonamara breac le hamhráin faoi bháid idir phúcáin, ghleoitheagaí, báid mhóra agus leathbháid ach, den chéad uair anois, tá fáil ar amhráin faoin mbád ar a dtugtaí an *galley*. Máirín Uí Dhomhnaill a chum é agus seo mar a thug sí cúlra an scéil:

Bád ab ea an *galley* a bhíodh ag daoine fadó le haghaidh lastas a thabhairt isteach i dtír ó na báid mhóra nach mbeadh snámh isteach sa gcaladh acu. Ba é Johnny Labhcáis a rinne an ceann deiridh acu thart ar 130 bliain ó shin agus bhí an ceann céanna i ngar a bheith tite i ngarraí i mBaile na Cille. Sa bhliain 2012 thug John Bhaba Jack Ó Conghaile cúpla duine le chéile agus thóg siad *galley* nua ón múnla céanna a bhí ag an gceann i mBaile na Cille. An trathnóna a cuireadh ar an bhfarraige í bhí slua mór millteach bailithe ar Chéibh Ghlais na nUan don lánseáil. B'in a spreag an t-amhrán seo.

Nach iontach an stampa é le cur ar an *ngalley*?
Gur tógadh ar fad í i mbaile Thír an Fhia
Mar níor tharla sé cheana cé go raibh bádóirí maithe ann
Chaithidís a dhul píosa ó bhaile le theacht ar an saor.

Nuair a chuirfear amach í beidh oíche ann go maidin,
Beidh neart den leaid glas ann, ó, *brandy* is fíon,
Beidh tae ann is *sandwich* le fáil saor in aisce
Ní bheidh ocras ná tart ort is ní chaithfidh tú pingin.

‘Ceist! Cé a cheannódh dán?’ a d’fhiafraigh an file Mathghamhain Ó hIfearnáin ós cionn ceithre chéad bliain ó shin nuair a bhí ag teip air a shaothar a reic is cosúil. Scríobh Liam Ó Flaithearta geábh eile nár chóir go bhféadfaí gearrscéal a cheannacht le duais. Is éard a bhí i gceist aige ná gur chóir don ghearrscéalaí a bheith dílis dá mhothúchán féin, dá scéal féin is an scéal a theastaíonn uaidh a scríobh, ní gearrscéal de chineál eile a shásódh daoine eile ar mhaithe le duais nó gradam a fháil. I bhfocal eile nár chóir go mbeadh praghas le n-íoc ag an ealaíontóir ar fhiúntas a ealaíne trí laincísí a chur air féin.

Ar an taobh eile den scéal, braithim gur duaiseanna agus comórtais a spreag go leor de na cumadóirí le go leor de na hamhráin atá sa mbailiúchán seo a chumadh, ní hionann agus formhór na n-amhrán in *Croch Suas É!* agus *Up Seanamhach*. Mar atá luaite cheana agam, ba do chomórtais Oireachtais a cumadh an leath mór acu an chéad lá riamh, go háirithe don Chomórtas do Chorn Cuimhneacháin Sheáin Eoin Uí

Shúilleabháin, comórtas a bhfuil duaiseanna de €500 agus €350 le fáil as go bliantúil, luach saothair nach beag don té a ardaíonn leis é. Chomh maith leis an amhrán a chumadh, bíonn sé le cur i láthair go poiblí freisin ag Féile an Oireachtais, agus d'fhéadfá a rá go mbíonn rannpháirtíocht áirithe ag an lucht éisteachta sa gcur i láthair. Tharlódh go mbeadh véarsaí as cuid de na hamhráin dírithe ar dhaoine sa lucht éisteachta nó dírithe ar a lucht aitheantais nó an lucht éisteachta a fhreastalaíonn ar an Oireachtas. Bíonn tráthúlacht i gceist agus cé gur maith ann sin don ócáid bheo tharlódh gur laige ar fhiúntas amhráin é sa bhfadtréimhse óir d'fhéadfadh mioneachtra a bheadh tráthúil bliain amháin a bheith dearmadta cúpla bliain ina dhiaidh sin. Ach is é leas aon phíosá cumadóireachta é ligean dó fuarú agus sin mar a rinne formhór na gcumadóirí seo. Rinne siad athscríobh ar na hamhráin agus chuir snas orthu in imeacht ama mar is dual don dea-cheardaíocht.

An rud is fearr faoi chomórtais, seans, ná go mbíonn sprioc lá i gceist a chuireann iallach ar an gcumadóir dul i mbun oibre agus a dhéantús a chur i gcrích. Ba mhaith ann na comórtais riamh, go háirithe na comórtais Oireachtais do na scríbhneoirí Gaeilge. Fuair Sean-Phádraic Ó Conaire duais Oireachtais ar a ghearrscéal 'Páidín Mháire' sa mbliain 1904. Is féidir a bheith cinnte gur mhaith dó aige an duais airgid chomh maith leis an ngradam is an spreagadh is an t-aitheantas. B'amhlaidh an scéal do na céadta scríbhneoir Gaeilge le breis agus céad bliain anuas, mé féin ina measc. Is beag scríbhneoir foilsithe nár thug duais éigin leis bliain éigin a bhí mar spreagadh dó leanacht ar aghaidh i mbun pinn. Ba bhoichte go mór an corpus liteartha Gaeilge a bheadh againn dá n-uireasa. Ar an taobh eile den scéal, is é nádúr an chumadóir a bheith ag cumadh, an fonn sin a bheith ag cruthú, agus seans go gcumfaí riar mhaith de na hamhráin atá anseo ar aon nós luath nó mall. Tá go leor amhráin bhreátha cumtha nár cuireadh isteach ar aon chomórtas riamh, ach gur theastaigh ó na filí iad a chur dá gcroí agus rinne siad sin de réir a nádúir is a gcumais. Is cuma cárb as a dtagann an spreagadh má tá an toradh fóna. Bailíonn brobh beart, a deirtear, agus rud eile ar thug mé suntas dó agus mé ag cur an bhailiúcháin seo le chéile ná an líon cumadóirí a dúirt gur spreag amhrán faoi leith ón traidisiún iad le amhrán nuachumtha a scríobh iad féin. Mar shampla, deir Ray Mac Mánaís faoi chúlra a amhráin, 'Faiseanta go Leor':

Is breá liom an t-amhrán álainn sin *An Baitsiléir* as Rann na Feirste. Nuair a bhí mé ag cumadh an amhráin áirithe seo, shamhlaigh mé an baitsiléir ar a sheacht ndícheall ag iarraidh bean a bhréagadh. Tháinig na smaointe ceann i ndiaidh a chéile, agus gach ceann acu níos áiféisí ná a chéile.

Agus deireann sé faoi amhrán eile dá chuid, 'Imithe ar Strae sa Cheo': 'Ag Oireachtas na Gaillimhe 1993 a tharla sé. Ag éisteacht le Colm Sonaí Ó Méalóid ag ceol *Píopa Aindí Mhóir* a bhí mé nuair a rith an smaoineamh liom.' Ba é an t-amhrán, 'An Hide and Go Seek', a spreag é le 'Gaoluinn na Mumhan', a chumadh:

Leagan de *Buachaill Ón Éirne* atá mar fhonn ag Nell Ní Chróinín san amhrán *An Hide and Go Seek*. Ag éisteacht léi ag canadh an amhrán sin a bhí mé nuair a rith an chéad smaoineamh faoi 'Ghaoluinn na Mumhan' liom.

Deir Fearghas Mac Lochlainn go bhfuair sé an smaoineamh don amhrán 'Angelina Jolie' nuair a chuala sé Pat Quinn as Inis Oírr a casadh amhrán Béarla a chum sé féin faoin ábhar céanna.

Ach dá fheabhas iad na hiarrachtaí atá anseo táim cinnte go bhfuil go leor amhráin bhreátha eile cumtha sa stíl traidisiúnta agus i stíleanna eile a chuaigh tharam an babhta seo. Ach táim dóchasach go n-aimseofar fós iad, go scaipfear is go mbuanófar ar phár iad óir ba mhaith liom a cheapadh go bhfoilseofaí macasamhail an leabhair seo go tráthrialta. Go deimhin, bheadh súil agam go dtiocfadh cnuasaigh iomlána ó go leor de na cumadóirí a bhfuil amhráin anseo acu freisin.

Ach faoi láthair creidim nach mbeidh aon stró ar an leabhar seo an fód a sheasamh ar son na gcumadóirí agus na cumadóireachta comhaimseatha. Tá amhráin den scoth anseo. Iad snoite, dea-scríofa. Ceardaíocht focal atá ar fheabhas go minic. Cuid acu glic, cuid acu greannmhar, agus tuilleadh acu lán den áibhéil bhuile sin is dual dár dtraidisiún. Is léir freisin go dtuigeann go leor de na cumadóirí an traidisiún saibhir sin ina bhfuil siad mar chuid de, ón gcaoi a bhfuil siad in ann tarraingt as agus cur leis. Cloistear macallaí ón traidisiún arís agus arís eile agus go minic mheasfá go mbraitheann na filí go bhfuil siad ag cumadh na n-amhrán seo agus máistirfhillí an traidisiúin atá ar shlí na fírinne mar aingle cuideachta acu, amhail is dá mbeadh ag treorú a bpeann is a samhlaíocht is ag tabhairt a mbeannacht dá ndéantús, ag cuidiú leo clocha nua eile a ghearradh amach as an gcoiléar agus a chur ar an sean-ollcharn.

Faoi cheann céad bliain ó inniu, má bhíonn an Ghaeilge fós beo mar theanga labhartha agus fonnadóirí ag fonnadóireacht táim cinnte go mbeidh amhráin ón gcnuasach seo ina stór amhrán acu. Má bhíonn fiú scór de na hamhráin nua seo fós beo agus i mbéal an phobail beidh cúinne buan ag an nglúin seo in áras uasal na canóine agus a saothar á cheiliúradh ag feara Fáil. Ní beag sin mar bharr maitheasa ar fhómhar seo ár linne.